



An Bhruiséil, 28 Samhain 2025
(OR. en)

16140/25

UEM 607	RECH 527
ECOFIN 1645	ENER 636
SOC 819	JAI 1816
EMPL 537	GENDER 205
COMPET 1263	ANTIDISCRIM 121
ENV 1303	JEUN 245
EDUC 480	SAN 788
ECB	EIB

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Samhain 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 955 final
---------------------------	---------------------

Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN AGUS CHUIG AN mBANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA An Seimeastar Eorpach 2026: Pacáiste an Fhómhair An Compás Iomaíochais a bhaint amach: athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun cinn
--------	--

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 955 final.

Faoi iamh: COM(2025) 955 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 25.11.2025
COM(2025) 955 final

**TEACHTAIREACTH ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG
COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, CHUIG COISTE NA
RÉIGIÚN AGUS CHUIG AN mBANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA**

**An Seimeastar Eorpach 2026: Pacáiste an Fhómhair
An Compás Iomaíochais a bhaint amach: athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun
cinn**

An Seimeastar Eorpach 2026: Pacáiste an Fhómhair

An Compás Iomaíochais a bhaint amach: athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun cinn

Is é príomhthosaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i gcónaí borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais chun rathúnas inbhuanaithe a áirithiú. I dtuarascáil Draghi¹ na bliana seo caite, tugadh diagnóis shoiléir ar na dúshláin struchtúracha atá roimh iomaíochas na hEorpa agus moladh straitéis thionsclaíoch nua don Eoraip. Chuir an Compás Iomaíochais² leis an mbonn sin chun tosaíochtaí straitéiseacha a shainiú do na 5 bliana amach romhainn, thart ar thrí réimse tosaíochta — an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, an geilleagar a dhícharbónú, agus spleáchais straitéiseacha agus cúig chumasóir chothrománacha a laghdú³. Ó shin i leith, tá an tAontas tar éis dul i mbun roinnt tionscnamh beartas leathana chun tacú leis an iomaíochas, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan⁴, an Straitéis um an Margadh Aonair⁵, an Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga⁶, Aontas na Scileanna⁷, an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta⁸, nó an Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia⁹. Tugadh isteach deiseanna suntasacha leis an athbhreithniú meántearma ar an mBeartas Comhtháthaithe¹⁰.

Le roinnt míonna anuas, cuireadh leis an bpráinn lena gcaithfidh an tAontas dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha, na leochaileachtaí straitéiseacha agus na spleáchais atá aige, agus a shamhail shóisialta a chosaint. Mura gcuirfidh an tAontas borradh faoin infheistíocht, faoin táirgiúlacht agus faoin nuálaíocht, ní choinneoidh sé suas i dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag éirí níos dúshlánaí agus ní bheidh sé in ann a shlándáil (eacnamaíoch) ná a rathúnas (eacnamaíoch) a dhaingniú, lena n-áirítear do na glúnta atá le teacht. Cé go léirítear i bPacáiste an Fhómhair maidir leis an Seimeastar Eorpach gur féidir leis an Aontas cur le feidhmíocht láidir eacnamaíoch agus feidhmíocht láidir mhargadh an tsaothair agus tacú le héachtaí sóisialta, ní mór dúinn tús a chur le céim nua oibre, ina ndíreoidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, go cinntitheach ar an gcur chun feidhme chun a iomaíochas agus a athléimneacht a threisiú a thuilleadh, agus béim láidir á leagan ar thorthaí nithiúla a bhaint amach agus ar athrú fóinteach a spreagadh ar fud an Aontais.

Chun na tosaíochtaí a sainaitníodh sa Chompás Iomaíochais a bhaint amach, tá gá le gníomhaíocht phráinneach ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Leanann an Seimeastar Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'iarreachtaí an Aontais beartais eacnamaíoch agus fostaíochta a chomhordú ar bhealach níos fearr. Áirithítear leis freisin cóineasú marthanach fheidhmíocht eacnamaíoch agus shóisialta na mBallstát agus na réigiún, trí bhuiséad fadtéarmach an Aontais freisin, mar a leagtar amach sa togra ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)¹¹. Faoi threoir an Chompáis Iomaíochais, leanfaidh an Seimeastar Eorpach de threoir thírshonrach a chur ar fáil chun

¹ [Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais.](#)

² [A Compás Iomaíochais don Aontas, COM\(2025\) 30 final.](#)

³ An rómhaorlathas a laghdú, deireadh a chur le bacainn sa mhargadh aonair, maoiniú níos éifeachtúla a chumasú, scileanna agus poist ardháilíochta a chur chun cinn agus comhordú níos fearr a áirithiú

⁴ [An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan - an Coimisiún Eorpach](#)

⁵ [An Straitéis um an Margadh Aonair](#)

⁶ [An Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú](#)

⁷ [Aontas na Scileanna - an Coimisiún Eorpach](#)

⁸ [An tAontas coigiltis agus infheistíochta - Airgeadas - an Coimisiún Eorpach](#)

⁹ [Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia - Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe](#)

¹⁰ [Inforegio - Beartas comhtháthaithe nuachóirithe: An t-athbhreithniú meántearma](#)

¹¹ [Buiséad an Aontais 2028-2034](#)

gníomhaíochtaí a shainithint ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta ar bhealach oibríochtúil agus trédhearcach. Le timthriall an tSeimeastair Eorpaigh, neartófar a thuilleadh an anailís i réimsí éagsúla atá tábhachtach chun clár oibre an Chompáis Iomaíochais a bhaint amach agus chun cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair agus ar an Iomaíochas, atá le foilsiú i mí Eanáir, tabharfar tuairisc ar an dul chun cinn maidir leis an gCompás Iomaíochais.

Mhol an Coimisiún cuid shuntasach den chistiú faoin gcéad CAI eile a dhíriú trí na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (CNRanna) le haghaidh infheistíochta agus athchóirithe agus tríd an gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI). Bheadh ar na pleananna aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile, nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin, a sainithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Baineann sé sin go háirithe le moltaí tír-shonracha ábhartha. Dá bhrí sin, beidh timthriall 2026 an tSeimeastair Eorpaigh tábhachtach mar dhroichead chuig an gcéad CAI eile.

Seimeastar Eorpach 2026 a sheoladh – príomhthosaíochtaí

Tá athléimneacht léirithe ag geilleagar an Aontais ach tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cothrom le linn dúshláin láidre. Faoi 2024, bhí fíor-OTI per capita an Aontais 4,1 % níos airde ná mar a bhí in 2019¹² agus rinne formhór na mBallstát na cailleanais ioncaim a bhí ann mar thoradh ar an bpaindéim a fhorchúiteamh. Tá an leibhéal fostaíochta san Aontas níos airde ná riamh, agus ráta fostaíochta 76,2 % ann sa dara ráithe de 2025¹³. Mar sin féin, mar gheall ar mhargadh saothair docht, ganntanas leanúnach scileanna agus saothair, agus sciar ard oibríthe i bpoist ar phá íseal in earnálacha ina bhfuil táirgiúlacht theoranta, cuirtear bac ar fhás agus ar tháirgiúlacht chomhiomlán. Sa mheántearma, meastar go leanfaidh geilleagar an Aontais de bheith ag fás ar luas measartha, agus tuartar go sroichfidh fás OTI 1,4 % in 2025 agus 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 1,5 % in 2027 agus meastar go leanfaidh an fhostaíocht de bheith ag leathnú agus ag moilliú in 2027. Ina theannta sin, is riosca don ionchas fáis iad an bhgairt mhéadaithe slándála agus na bacainní trádála atá ag dul i méid, ar bacainní iad a chuireann bac ar an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann cheana féin.

Agus timpeallacht eacnamaíoch idirnáisiúnta dhíobhálach agus fás lag ar tháirgiúlacht saothair os a chomhair, ní mór don Aontas gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun fás eacnamaíoch a chothú, chun a shlándáil eacnamaíoch a neartú agus chun tacú leis an iomaíochas. Áirítear leis sin timpeallacht mhaicreacnamaíoch chobhsaí a áirithiú, taighde agus nuálaíocht de réir sprioc infheistíochta 3 % maidir le taighde agus forbairt an Aontais agus tacú le glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn tuilleadh, infheistíocht a dhéanamh san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, san inbhuanaitheacht chomhshaoil agus i gcaipiteal daonna, lena n-áirítear sa tsláinte. Tá sé ríthábhachtach freisin feidhmiú na margá saothair a fheabhsú a thuilleadh, feabhas a chur ar shreabhadh an choigiltis chuig infheistíocht tháirgiúil, dlús a chur leis an dícharbónú agus praghsanna fuinnimh a laghdú, spleáchais straitéiseacha ar thríú tíortha a laghdú, acmhainneacht thionsclaíoch na hEorpa a neartú, an timpeallacht ghnó a fheabhsú lena n-áirítear an smacht reachta agus ualaí riaracháin a laghdú. Beidh sé chomh tábhachtach céanna deireadh a chur le bacainní ar an margadh aonair, bonneagar iompair agus fuinneamh glan a fhorbairt, borradh a chur faoi dhigitiú ár ngeilleagair, dul i ngleic leis an mbochtaineacht, cóineasú sóisialta aníos a áirithiú agus borradh a chur faoi thithíocht inbhuanaithe inacmhainne agus iomaíochas réigiúin an Aontais a fheabhsú.

¹² Bunaithe ar shonraí Eurostat - [\[nama_10_pc\] Olltáirgeacht intíre \(OTI\) agus na príomh-chomhchodanna per capita](#)

¹³ Eurostat - [Margadh saothair an Aontais - staitisticí ráithiúla - Míniú ar na staitisticí - Eurostat](#)

I bhfianaise an mhéid sin, seoltar timthriall Sheimeastar Eorpach 2026 le Pacáiste an Fhómhair. Sa phacáiste tá an Moladh ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, an moladh ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas, an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, an togra ón gCoimisiún le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, measúnú ar an staid fhioscach i mBallstáit an Aontais, agus an teachtaireacht fómhair maidir le measúnuithe faireachais iarchláir¹⁴.

I ndréachtmholadh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, iarrtar ar na Ballstáit atá sa limistéar euro gníomhú ina n-aonar, agus i dteannta a chéile sa Ghrúpa Euro, chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus an tslándáil eacnamaíoch a neartú, agus ag an am céanna chun inbhuanaitheacht fhioscach an airgeadais phoiblí a chothabháil. Maidir leis an mbeartas fhioscach, moltar ann staid fhioscach neodrach a choinneáil ar bun in 2026 agus, ag an am céanna, difreáil agus solúbthacht shealadach a cheadú maidir le caiteachas cosanta, i gcomhréir leis na spriocanna sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha agus leis an gclásal éalaithe náisiúnta¹⁵. Ba cheart do straitéisí fioscacha meántéarmacha an inbhuanaitheacht a chosaint, agus ag an am céanna deis a thabhairt do bhrúnna caiteachais athnuaite, go háirithe i ndáil le cosaint agus iomaíochas. Ba cheart iarrachtaí a bheith ag gabháil le caiteachas méadaithe ar chosaint chun deireadh a chur le scrogaill thionsclaíocha agus saothair agus chun margadh comhtháite AE le haghaidh trealamh cosanta a chothú. Ba cheart do na Ballstáit cur chun feidhme a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche faoi mhí Lúnasa 2026, lena n-áiritheofar ionsú chistí an Aontais atá ar fáil. Chun borradh a chur faoin táirgiúlacht, iarrtar sa mholadh uasciliú agus athsciliú a chur chun cinn, beartais oideachais agus oiliúna a neartú chomh maith le hathchóirithe chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus cáilíocht post a fheabhsú. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí freisin chun an bhochtaineacht a chomhrac, agus chun feabhas a chur ar an rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe. Sa mholadh, tathantaítear infheistíocht níos láidre sa taighde agus sa nuálaíocht, san aistriú i dtreo geilleagar dícharbónaithe digiteach agus chun spleáchais straitéiseacha a laghdú. Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun an margadh aonair a dhoimhniú trí dheireadh a chur le bacainní inmheánacha, ualach riaracháin a laghdú agus rialáil a shimpliú, agus Aontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach a chur chun cinn chun teorú níos éifeachtaí a dhéanamh ar chaipiteal príobháideach san fhás fadtéarmach. Ar deireadh, iarrann an moladh go dtabharfaí an obair ar an euro digiteach chun críche, go neartófaí ról idirnáisiúnta an euro, agus go gcaomhnófaí an chobhsaíocht airgeadais trí dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar rioscaí san earnáil baincéireachta agus san earnáil neamhbhainc.

Mhol an Coimisiún den chéad uair moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas, mar a fógraíodh in Aontas na Scileanna¹⁶. Iarrann sí ar na Ballstáit gníomhaíochtaí a stiúradh go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, agus béim á leagan

¹⁴ Teachtaireacht an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún maidir le Measúnuithe Faireachais Iarchláir C(2025)9069final. Faoi dhó sa bhliain, faoi fhaireachas iarchláir, déanann an Coimisiún measúnuithe ar Bhallstáit an limistéir euro a raibh clár cúnaimh airgeadais acu. Is é an cuspóir atá ann measúnú a dhéanamh ar staid eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais an Bhallstáit chun a áirithiú go gcoinneoidh sé ar a chumas a fhiachas a sheirbhísiú. Tugtar le fios sa Teachtaireacht go gcoinníonn na cúig Bhallstát uile a ndearnadh measúnú orthu an acmhainneacht a bhfiachas a sheirbhísiú.

¹⁵ Mhol an Coimisiún an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú mar chuid de Phlean ReArm Europe/Athléimneacht na hEorpa 2030 arna cur i láthair ag an gCoimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2025, chun borradh a chur faoi chaiteachas cosanta.

¹⁶Teachtairacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 ‘Aontas na Scileanna’ (COM(2025) 90 final). Is é an bonn conartha atá beartaithe Airteagal 148 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

ar earnálacha straitéiseacha do gheilleagar an Aontais. Áirítear leis sin bunscileanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus ardoideachas a neartú, go háirithe i roinnt réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) chun bonn láidir a thógáil le haghaidh táirgiúlacht, iomaíochas agus ceannasacht dhigiteach níos airde, lena n-áirítear litearthacht airgeadais, dhigiteach agus intleachta saorga. Aithníonn sé scileanna digiteacha mar chuid den tacar riachtanach scileanna don saol nua-aimseartha agus iarrann sé freisin ar na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis scileanna, bacainní ar dhul isteach i ngairmeacha a laghdú agus a áirithiú go dtabharfar aitheantas níos tapúla do cháilíochtaí in earnálacha straitéiseacha do náisiúnaigh an Aontais agus do náisiúnaigh tríú tír. Tá an Moladh bunaithe ar mheasúnú ar ghanntanais lucht saothair atá ann faoi láthair agus ar réamh-mheastacháin amach anseo ar bhearnaí scileanna, agus na scileanna atá ar fáil faoi láthair agus acmhainneacht ár gcóras oideachais agus oiliúna chun déileáil le riachtanais mhargadh saothair an Aontais á gcur san áireamh.

Sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, sainaitnítear seacht mBallstát ar cheart grinn-athbhreithnithe a dhéanamh ina leith féachaint an bhfuil míchothromaíochtaí ag baint dóibh. Leis an tuarascáil, cuirtear tús leis an timthriall bliantúil de chur chun feidhme an nóis imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Is é is aidhm don nós imeachta sin míchothromaíochtaí a bhrath, a chosc agus a cheartú, ar míchothromaíochtaí iad a dhéanann dochar d'fheidhmiú cuí geilleagair Ballstáit nó d'fheidhmiú cuí gheilleagar an Aontais ina iomláine, nó a d'fhéadfadh dochar den sórt sin a dhéanamh. De réir an léimh eacnamaíoch a rinneadh ar scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, sainaitnítear sa tuarascáil na Ballstáit a mheastar a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint dóibh, nó a mheastar a bhféadfadh an baol a bheith ann go mbainfeadh míchothromaíochtaí dóibh. Ullmhófar grinn-athbhreithnithe maidir leis na Ballstáit sin in earrach na bliana seo chugainn. Sin é atá i gceist i gcás na Gréige, na hIodáile, na hUngáire, na Slóvaice, na Rómáine, na hÍsiltíre agus na Sualainne, mar obair leantach i ndáil le míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha a sainaitníodh an 4 Meitheamh 2025¹⁷.

Sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, déantar faireachán ar chur chun feidhme na dtreoirilínte fostaíochta agus ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Príomhspríocanna an Aontais don bhliain 2030 agus na spríocanna náisiúnta don bhliain 2030 maidir leis an bhfostaíocht, le scileanna, agus leis an mbochtaineacht a laghdú, tugtar an scéal is déanaí sa tuarascáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na spríocanna sin. Léiríonn sé go bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun an sprioc fostaíochta 78 % a bhaint amach. Ag an am céanna, meastar go dtiocfaidh moill ar an méadú ar fhostaíocht agus an dífhostaíocht ag cobhsú ag an am céanna. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha fós ann idir tíortha agus laistigh díobh. Ábhar inní eile is ea bearna táirgiúlachta an Aontais vis-à-vis go leor geilleagair shárforbartha. Bhí rioscaí bochtaineachta ag beagnach duine as gach dáréag oibrí in 2024. Tá ganntanais lucht saothair fós ann, i bpáirt mar gheall ar dhrochdhálaí oibre i roinnt earnálacha agus meastar go dtiocfaidh méadú orthu mar gheall ar an athrú déimeagrafach agus ar riachtanais nua scileanna. Tá gá le hiarrachtaí suntasacha breise chun na spríocanna a bhaint amach maidir le 60 % de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain agus líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú 15 mhilliún ar a laghad. Ina theannta sin, déantar anailís sa tuarascáil ar nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol, agus is ar an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta¹⁸ atá an anailís sin bunaithe. Léiríonn sé sin gur tháinig méadú ar rannpháirtíocht na

¹⁷ [An Seimeastar Eorpach 2025: An Teachtaireacht maidir le Pacáiste an Earraigh.](#)

¹⁸ I gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1263.

mBallstát sa mhargadh saothair den chuid is mó, cé go bhfuil torthaí fostaíochta grúpaí áirithe den daonra fós chun deiridh, lena n-áirítear daoine óga, daoine faoi mhíchumas, agus Romaigh. I réimsí na scileanna agus an oideachais, agus sa réimse sóisialta chomh maith, tá rioscaí fós ann don chóineasú aníos d’ainneoin feabhsuithe beaga. Gan iarrachtaí beartais a threisiú, lena n-áirítear trí phoist ardcháilíochta a chur chun cinn, infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna, agus brath ar idirphlé sóisialta éifeachtach, d’fhéadfadh na forbairtí sin na dúshláin atá ann cheana a ghéarú agus bac a chur ar iomaíochas an Aontais.

Cuireann an Coimisiún a mheasúnú ar staid fhioscach na mBallstát i láthair freisin. Is éard atá sa mheasúnú seo: (i) Teachtaireacht lena ndéantar anailís ar fhorbairtí fioscacha sna Ballstáit uile, agus lena ndéantar measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta ag na naoi mBallstát atá faoi réir an nós imeachta um easnamh iomarcach¹⁹ faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar a n-easnamh iomarcach (ii) na tuairimí ón gCoimisiún maidir le dréachtphleananna buiséadacha 17 mBallstát an limistéir euro le haghaidh 2026; agus (iii) tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhlíonadh na gcritéar easnaimh agus fiachais. Déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar staid fhioscach na mBallstát, lena n-áirítear staid na himeartha maidir le cur chun feidhme pleananna meántéarmacha agus na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, in earrach 2026, bunaithe ar na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn atá le cur isteach ag na Ballstáit faoin 30 Aibreán 2026.

An bealach chun cinn agus treoirlínte le haghaidh thimthriall Sheimeastar Eorpach 2026

Is é an Seimeastar Eorpach an príomhchreat i gcónaí chun beartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta a chomhordú ar fud an Aontais. In earrach 2026, cuirfidh an Coimisiún moltaí tírshonracha ar fáil bunaithe ar na dúshláin a sainaitníodh sna tuarascálacha tíre. Is é timthriall 2026 an chéad timthriall a bhreathnóidh níos faide ná tréimhse oibríochtúil na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Cuirfidh moltaí tírshonracha 2026 leis an tacar cuimsitheach moltaí tírshonracha a díriodh ar na Ballstáit in 2025 agus leanfaidh siad de bheith dírithe ar na tosaíochtaí a sainaitníodh sa Chompás Iomaíochais a bhaint amach. Cuirfear san áireamh iontu an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme mholtaí tírshonracha 2025, go háirithe mar chuid d’fhorghníomhú na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus dúshláin atá ag teacht chun cinn agus riachtanais níos fadtéarmaí á léiriú ag an am céanna. Déanfar an anailís ar réimsí tosaíochta atá fíor-riachtanach chun feabhas a chur ar an iomaíochas, i gcomhréir leis an gCompás Iomaíochais, a dhoimhniú agus a leathnú chun moltaí níos inghníomhaithe a chumasú. Beidh anailís níos doimhne ar an iomaíochas réigiúnach sna tuarascálacha tíre. Áiritheofar leis sin bunús láidir chun riachtanais athchóirithe agus infheistíochta a shainaitheint ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus beidh sé ina dhroichead freisin chun cistiú an Aontais a stiúradh faoin gcéad CAI eile.

Déanfaidh an Coimisiún an t-idirphlé le páirtithe leasmhara a dhoimhniú chun rannpháirtíocht an phobail agus úinéireacht náisiúnta a neartú. Bunóidh an Coimisiún a anailís agus a mholtaí ar idirphlé struchtúrtha feabhsaithe le rialtais, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Déanfar na malartuithe sin ag príomhchéimeanna an phróisis agus díreofar ar an gcaoi a bhfuil aghaidh á tabhairt ag na Ballstáit ar mholtaí tírshonracha 2025, ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn a shainaitheint agus ar ghníomhaíocht bheartais atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shainaitheanta. Le dlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa

¹⁹An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, Málta, an Iodáil, an Rómáin, an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic.

agus leis an gComhairle, leanfar de thrédhearcacht, cuntasacht dhaonlathach agus comhar éifeachtach a ráthú le linn thimthriall an tSeimeastair.